

## An Ghaeilge – seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr



1. Lá amháin, bhí mise agus mo chara ag siúl i lár na cathrach. Chonaic muid siopa ceoil le **fógra** ar an doras as Gaeilge. Bhí áthas orainn **sin a fheiceáil**. Shocraigh muid ar rud éigin a dhéanamh **ar son na Gaeilge**.



2. Shocraigh muid ar turas chun na Gaeltachta **a eagrú**. Chuaigh muid ar Facebook agus rinne muid leathanach chun eolas ar an turas **a thabhairt** dár gcairde.



3. D'eagraigh muid turas go dtí an Ghaeltacht i nGaillimh. Bhí an chraic go hiontach. Bhí céilí againn gach oíche agus bhí an aimsir go hálainn **an t-am ar fad**. Chaith muid am ar an trá ag imirt eitpheile.



4. D'eagraigh muid ciorcal cainte ag am lóin freisin agus tháinig a lán daltaí gach lá **chun caint lena chéile** as Gaeilge. Bhain muid an-sult as.



5. Ansin, chuala mé ar an raidió gur scríobh múinteoir chuig TG4 faoi cad a rinne mise agus mo chara. Chuala muid go raibh siad ag teacht **chun duais speisialta a thabhairt** dúinn. Bhí muid ar bís!



6. **Faoi dheireadh**, tháinig TG4 go dtí an scoil ar cuairt. **Bhronn** siad gradam speisialta orainn. Bhí muid lán-sásta as an obair iontach a rinne muid an Ghaeilge a neartú sa scoil.